# Bainisteoir TF — Líonra agus Bonneagar

**Próifíl an Róil**

**A. Sonraí**

| | |
|---|---|
| Post: | **Bainisteoir TF — Líonra agus Bonneagar** |
| Grád | Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| Coibhéis lánaimseartha | 1 CL (35 uair in aghaidh na seachtaine) |
| Ag tuairisciú do: | An Stiúrthóir TFC nó duine eile a shaineofar ó am go ham. |
| Fad: | Buan |

**B. Forbhreathnú ar an Rannóg agus ar an Ról**

Oibríonn beagán os cionn 100 duine leis an gComhairle Ealaíon in aon suíomh amháin i gCearnóg Mhuirfean i mBaile Átha Cliath. Is comhlacht neamhspleách í an Chomhairle Ealaíon, a bunaíodh in 1951 chun cleachtadh na n-ealaíon a spreagadh agus spéis, eolas agus léirthuiscint i leith na n-ealaíon a spreagadh i measc an phobail. Is muidne príomhghníomhaireacht stát na hÉireann maidir le maoiniú na n-ealaíon, agus comhairle a chur ar an Rialtas faoi ghnóthaí ealaíne. Le haghaidh tuilleadh eolais ar obair na Comhairle téigh chuig www.artscouncil.ie

**C. Príomhfhreagrachtaí**

Is post teicniúil ríthábhachtach é seo in eagraíocht fhuinniúil. Tá ról lárnach sa Chomhairle Ealaíon ag baint leis an bpost.

Áirítear leis na dualgais a bhaineann leis an bpost seo, cé nach liosta uileghabhálach é seo:

- Mar a sonraíodh cheana, beidh ról lárnach ag an sealbhóir poist i gcur i bhfeidhm Straitéis TF de chuid na Comhairle Ealaíon agus i gcur i bhfeidhm líon córas nua sa Chomhairle Ealaíon;
- Caithfidh an-taithí a bheith ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ar líonrú, seachadadh bonneagair agus Leanúnachas Gnó, réiteach lochtanna agus soláthar;
- Caithfidh buneolas a bheith ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ar tháirgí saincheaptha agus ar tháirgí atá ar fáil ar bhonn tráchtála, is cinn a úsáidtear in ardáin teicneolaíochta éagsúla;
- Caithfidh an duine a bheith an-dírithe ar an gcustaiméir, ní mór dea-ábaltachtaí bainistíochta díoltóra a bheith aige/aici agus is gá dó/di a bheith meáite ar athruithe agus torthaí a bhaint amach;
- Buneolas den scoth ar chórais oibriúcháin freastalaí agus *Active Directory;*

- Is ról ardoibriúcháin é an post seo agus tá i gceist leis bainistíocht ceann go ceann ar Bhonneagar Freastalaí Néalbhunaithe na Comhairle Ealaíon, dearadh go cur i bhfeidhm agus tacaíocht agus cothabháil leanúnach i gcomhréir leis an dea-chleachtas atá ann faoi láthair.

Caithfidh an té a cheapfar sa ról cinnte a dhéanamh de go n-úsáidtear gach gné d'fhoireann uirlisí fiontraíochta na Comhairle Ealaíon, agus go dtacaítear leo, de réir an dea-chleachtais agus go ndéantar iad a nuashonrú/a ionadú de réir mar a athraíonn an tionscal.

Leagtar an-bhéim sa ról seo ar an dea-chleachtas ó thaobh slándáil faisnéise de, lena n-áirítear úsáid a bhaint as uirlisí cuí um brath bagairtí agus cinnte a dhéanamh de go ndéantar acmhainní sonraí na Comhairle Ealaíon a chosaint i gcónaí, teicnící cuí um chúltaca agus aischur sonraí san áireamh.

Beifear freagrach sa ról as seirbhísí a chur ar fáil trí eastát bonneagair na Comhairle Ealaíon, amhail an Líonra Achair Logánta, ródú, balla dóiteáin, seirbhísí teileafónaíochta agus teileachomhdhála agus seirbhísí ríomhaireachta deisce.

Ba cheart go gcoinneodh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi súil ar threochtaí tionscail. Thairis sin, beidh deis aige/aici na seirbhísí atá ann faoi láthair a mhúnlú agus a fhorbairt de réir mar a thagann teicneolaíochtaí úra ar an bhfód.

- Tacaíocht úsáideora deiridh agus moltaí i dtaobh oiliúna a dhéanamh;
- Foireann a bhainistiú;
- Oibreoidh Bainisteoir TF (Líonra agus Bonneagar) i ndlúthchomhar leis na piaraí eile, le baill foirne agus leis an bhfoireann maidir le hábhair ábhartha a bhaineann le tacaíocht feidhmchlár agus slándáil faisnéise go háirithe.

**D. Scileanna, Eolas agus Taithí**

- Cáilíocht Leibhéal 7 ar a laghad i ndisciplín ábhartha E.T.I.M. (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic) agus taithí phraiticiúil trí bliana a bhaineann go díreach le TFC agus eolas maith ar Microsoft Windows. Taithí ar bheith ag obair ar ardán néal-bunaithe de chuid MS Dynamics 365 (nó ar theicneolaíocht chomhchosúil).

nó

- taithí ábhartha phraiticiúil cúig bliana i réimse Forbartha Feidhmchláir in TFC, nó Bainistiú Bonneagair agus eolas maith ar Microsoft Windows

le

a) cáilíocht Leibhéal 6 ar a laghad i ndisciplín S.T.E.M. (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic) ábhartha

nó

b) dhá Theastas Ghairmiúla ar a laghad i réimse ábhartha den TFC

- Tiomantas d’ardchaighdeáin seirbhíse poiblí;
- Go hidéalach, bheadh Gaeilge, le scileanna labhartha agus scríofa, ag an duine, cé nach bhfuil sé seo riachtanach amach is amach don phost.

Scileanna agus Taithí Bhreise (inmhianta, ach níl siad riachtanach):
Bheadh sé de bhuntáiste ag iarrthóirí dá mbeadh eolas acu ar cheann díobh seo a leanas nó ar gach ceann díobh:

- Leabharlann um Bonneagar Teicneolaíocht Faisnéise (I.T.I.L.);
- NIST CSF, ISO27001 nó Creata Cibearshlándála dá Shórt;
- Taithí ar bhainistíocht a dhéanamh ar fhreastalaithe néal-óstáilte agus áitribh, ar líonraí limistéar stórála (SAN), agus ar ghléasanna stórais líonra-cheangailte (NAS);
- Taithí ar tháirgí Microsoft 365 go háirithe Power BI agus Dynamics 365;
- Eolas oibre ar fhreastalaí Microsoft SQL agus ar Oracle.